2026/1333

15.6.2026

CINNEADH (CBES) 2026/1333 ÓN gCOMHAIRLE

an 15 Meitheamh 2026

lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/145/CBES ([1]).

(2) Chun éagsúlú na slabhraí soláthair a áirithiú d'oibreoirí an Aontais, is iomchuí maoluithe sealadacha nua a thabhairt isteach ar an reo sócmhainní agus ar an toirmeasc ar chistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil d'eintiteas ainmnithe, lena gceadaítear foirceannadh oibríochtaí, conarthaí agus comhaontuithe eile arna dtabhairt i gcrích leis an eintiteas sin agus lena gceadaítear don earnáil tionsclaíochta comhpháirteanna criticiúla arna monarú ag an eintiteas sin a cheannach. Meastar go ndéanfaidh oibreoirí pleananna éagsúlaithe iomchuí a ghlacadh agus a chur chun feidhme sula rachaidh an maolú sin in éag, d'fhonn aistriú chuig foinsí malartacha soláthair a chumasú.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2014/145/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 2 de Chinneadh 2014/145/CBES, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'36. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit a údarú cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite áirithe ar leis an eintiteas a liostaítear faoin uimhir iontrála 692 iad a scaoileadh faoin gceannteideal "Eintitis" in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo, nó cistí nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil don eintiteas sin, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí agus tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil fíorghá leis na cistí nó leis na hacmhainní eacnamaíocha sin:

(a) i gcás oibríochtaí, conarthaí nó comhaontuithe eile arna dtabhairt i gcrích leis an eintiteas a liostaítear faoin uimhir iontrála 692 roimh an 23 Aibreán 2026 a fhoirceannadh faoin 31 Nollaig 2026 agus ar choinníoll go mbeidh scaoileadh nó cur ar fáil cistí nó acmhainní eacnamaíocha curtha i gcrích faoin 31 Nollaig 2026; nó

(b) i gcás ceannacháin tionscail comhpháirteanna criticiúla arna monarú ag an eintiteas sin, agus i gcás íocaíochtaí comhfhreagracha leis an eintiteas sin d'fhonn aistriú chuig foinsí malartacha soláthair a chumasú ar choinníoll go mbeidh scaoileadh nó cur ar fáil na gcistí nó na n-acmhainní eacnamaíocha curtha i gcrích faoin 16 Márta 2027.'.

([1]) Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/145(1)/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 15 Meitheamh 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS